Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13026/25**

**CDR 66**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na Cróite, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta**
**arna mholadh ag Poblacht na Cróite**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Cróite,

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/io).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71[2], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Nikola DOBROSLAVIĆ a cheapadh.

(4) Mhol rialtas na Cróite, ar bhonn sainordú náisiúnta éagsúil, Nikola DOBROSLAVIĆ, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Član Županijske skupštine Dubrovačko-neretvanske županije* (Comhalta de Thionól Réigiúnach chontae Dubrovnik-Neretva), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/io).

*Airteagal 1*

Ceaptar Nikola DOBROSLAVIĆ, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *član Županijske skupštine Dubrovačko-neretvanske županije* (Comhalta de Thionól Réigiúnach chontae Dubrovnik-Neretva) (athrú sainordaithe) mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*